



---Cód Iompair---

Innéacs:

- 1. Réamhrá**
- 2. Aidhmeanna**
- 3. Prionsabail**
- 4. Na Caighdeáin**
- 5. Rólanna**
- 6. Rialacha Scoile**
- 7. Rialacha Ranga**
- 8. Córas Moladh**
- 9. Cur chuige Aisiríocha**
- 10. Córas Smachtbhannaí**
- 11. Fionraí**
- 12. Díbirt**

1. Réamhrá:

Dréachtadh an polasaí seo ar dtús nuair a buaníodh an scoil i 2006 agus rinneadh athbhreiniú air i rith 2018 agus 2019, tar éis dul i gcomhairle le múinteoirí, tuismitheoirí, scoláirí agus an Bord Bainistíochta agus arís i rith 2026. Tá sé bunaithe ar na moltaí atá leagtha amach ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais maidir le alt 23 den *Acht Oideachais(Leas) 2000*.

Is mian linn polasaí iompair a chur i bhfeidhm a chinnteodh an deis dúinn ar fad saol slán agus saol sona a chaitheamh le linn ár dtréimhse i nGaelscoil na Lochanna.

Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí féin-smacht a fhorbairt i ngach páiste trí dhea-iompar a spreagadh. Aithnítear sa chód an ceart atá ag an uile pháiste oideachas a fháil i dtimpeallacht atá réasúnta saor ó iompar toirmeascach. Is mó a leagann na múinteoirí béim ar luachanna saothair ná ar ghníomhartha smachta mar go gcreideann siad go mbainfidh an cur chuige seo na torthaí is fearr amach i ndeireadh báire.

Beidh an Cód Iompair múinte do na scoláirí sa rang.

Seasann na rialacha céanna do gach páiste sa scoil. Maidir le páistí le riachtanais speisialta oideachais beidh na rialacha céanna i bhfeidhm. Déanfaidh an múinteoir nó na speisialtóirí seiceáil go gcuirtear na rialacha in iúl ar bhealach gur féidir le mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu iad a thuiscint.

Is cóir an polasaí a léamh agus a thuiscint taobh lena polasaithe eile seo atá sa scoil:

- Polasaí Iompar Dúshlánach ASD
- Polasaí um Chumhdach Leanaí
- Polasaí ar Riail na Gaeilge
- Polasaí Frithbhulaíochta
- Polasaí ar Shábháilteacht
- Polasaí Iontrála
- Straitéis Tinrimh na scoile
- Polasaí Éide scoile
- Polasaí Poncúlachta
- Polasaí ar Obair bhaile
- Polasaí Cumarsáide

2. Aidhmeanna:

Is mian leis an scoil na haidhmeanna a leanas a bhaint amach:

- Ligtear don scoil feidhmiú ar bhealach ordúil, socair ina mbíonn atmaisféar dearfach cairdiúil ann
- Cruthaítear atmaisféar ina mbíonn meas agus cineáltas i leith daoine eile, óg agus aosta agus ina bhfuil an curchuige aisiríochta lárnach chun coimhlintí a réiteach
- Spreagtar iompar dearfach agus féin-smacht i measc na bpáistí chun gur féidir aitheantas a thabhairt do dhifriochtaí sóisialta, fisiciúla, acadúla agus creidimh.
- Cinntítear sábháilteacht agus leas na mball go léir de phobal na scoile
- Cuidítear le tuismitheoirí agus daltaí na córais agus nósanna imeachta atá mar chuid den Chód Iompair a thuiscint agus iarrtar a gcomhoibriú agus na beartais sin á gcur i ngníomh
- Cinntítear go gcuirtear an córas rialacha, aisiríochta, gradam agus smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom, leanúnach

3. Prionsabail:

1. Is féidir iompar a fhoghlaim. Ciallaíonn sé seo go bhféadann sé athrú.

2. Tarlaíonn iompar taobh istigh de chomhthéacs áirithe agus i ndáil le daoine eile. Is bunús do thuiscint a fháil ar an iompar, an chomhthéacs a thuiscint.
3. Tá dlúthbhaint ag teagasc agus foghlaim éifeachtach le dea-iompar. Is ionad foghlama agus teagasc í an scoil. Nuair a bhíonn an bhéim ar an bhfoghlaim agus an teagasc sa scoil is lú am a chaitear ar chursaí iompair.
4. Is don phobal scoile iomlán an cód-iompair. San áireamh, clúdaíonn sé an bhealach lena caithfimid ar fad lena chéile.(múinteoirí, tuismitheoirí, páistí, cuairteoirí).
5. Cuirfimid luach aird ar fhéin-mhuinín gach páiste a chothú i gcónaí.
6. Cuirimid luach aird freisin ar an gcur chuige aisiríocha chun coimhlintí a réitiú.
7. Aithníonn an polasaí seo, gur is éifeachtaí na hiarrachtaí chun dea-iompair a chur chun cinn, nuair a oibríonn an baile agus an scoil i dteannta a chéile.
8. Is mian linn a bheith i gcónaí cothrom agus seasta le gach páiste.
9. Cuirfimid sa scoil béim ar dhea-iompair a chothú/ a mhúineadh seachas drochiompair a stopadh.

I gcás “droch-iompair, aithníonn an scoil an bhealach is fearr chun tabhairt faoi ná:

- béim a chur ar an iompar is ceart a léiriú seachas síorchaint faoin drochiompair
- plé leis an bpáiste agus comhthéacs iomláin an pháiste a chur san áireamh
- bealaí a aimsiú chun cuidiú le mic léinn a niompar féin a thuiscint, na fáthanna is bun leis an iompair sin agus bealaí a bhféadfadh siad freagracht a ghlacadh as a n-iompair agus as a gcuidreamh.

4. Na Caighdeáin:

sé sin spriocanna le baint amach (Déanfar iad seo a mhúineadh dona páistí agus a chrochadh timpeall na scoile)

Is óna caighdeáin seo a fhaightear na rialacha scoile agus ranga

Na Caighdeáin



Beimid ag súil go mbeidh :

Beidh meas agam orm féin agus ar dhaoine eile

Taispeánfaidh mé cineáltas agus beidh mé toilteanach cuidiú le daoine eile

Beidh mé Cúirtéiseach agus dea-bhéasach le daoine eile

Beidh mé Cothrom

Beidh mé ullamh bealaí urramacha a úsáid chun deacrachtaí agus coimhlint a réiteach

Beidh mé réidh Maithiúnas a thabhairt

Beidh meas agam ar dhifriochtaí

Tuigim go bhfuil orm

Freastal ar scoil go rialta agus a bheith poncúil

Mo dhícheall a dhéanamh sa rang

Cloí leis na rialacha

Cabhrú le timpeallacht dhearfach shábháilte a chruthú

Meas a bheith agam ar an bhfoireann

Meas a bheith agam ar dhaltaí eile agus ar a gcuid foghlama

Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile

Caighdeán an t-iompar do ghlactha

Tuigim nach nglacfar le:

- Iompar a ghortaíonn daoine eile (bulaíocht, ciapadh, leithcheal agus íospairt san áireamh)
- Iompar a chuireann isteach ar theagasc agus ar fhoghlaim
- Bagairtí nó duine eile a ghortú go fisiceach
- Damáiste do mhaoin
- Goid

5. Rólanna:

Bord

Caithfidh an bord bheith cinnte go sásaíonn an polasaí Treoireacha an NEWB “*Códiompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair scoileanna, 2008.*” Tá Ról ag an mbord an polasaí seo a dhréachtú agus fhoilsiú agus a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm na cleachtais go cothrom tríd na scoile. Caithfidh an Bord bheith cinnte go ndéantar athbhreiniú rialta ar an bpolasaí san fhoirm atá molta sna treoirlíntí (iniúchadh) agus go gcoinneáítear taifead ar an iniúchadh sin.

Múinteoirí

Tá ról lárnach ag Múinteoirí sa scoil i gcur i bhfeidhm an pholasaí seo le tacaíocht ó na tuismitheoirí agus na mic léinn. Beidh ar Mhúinteoirí an Cur chuige Aisiríoch, an Córas Moladh agus Córas Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm go cothrom le gach páiste. Déanfaidh an fhoireann a chinntiú gur áit oscailte, fáilteach í an scoil do thuismitheoirí ionas nach mbeadh aon drogall orthu teacht chun cainte le foireann na scoile. Tá cumarsáid an-oscailte ag foireann na scoile agus tuismitheoirí na scoile. Má bhíonn cúis inní maidir le h-iompar páistí déantar teagmháil le tuismitheoirí.

Príomhoide

Déanfaidh an Príomhoide/L.P.O. comhordnú agus monatóireacht ar an gcód le tacaíocht ón bhfoireann. Déanfar cinnte de go bhfuil cóip den pholasaí ag gach múinteoir agus gur chuid den próiseas ionductú é an plé faoi seo le múinteoirí nua. Beidh ról ag an bPríomhoide/ L.P.O. aird a tharraingt ar ghnéithe den pholasaí ó am go céile ag cruinnithe foirne chun a chinntiú go bhfuil sé á chur i bhfeidhm go cothrom agus i gceart.

Tuismitheoirí

Beidh ar thuismitheoirí amháin cóip den chóras iompair a léamh agus foirm “Glacadh le Polasaithe” a shíniú roimh don pháiste áit a ghlacadh sa scoil. Má bhíonn aon athraithe cuirfear in iúl iad do na tuismitheoirí iad. Tá ról lárnach ag na tuismitheoirí/ caomhnóirí sa scoil maidir leis na caighdeáin iompair a spreagadh agus a thacú sa scoil. Tá tacaíocht agus comhoibriú tuismitheoirí riachtanach má tá an polasaí le bheith éifeachtach. Iarrtar orthu ról a ghlacadh in aon iniúchadh nó athbhreiniú a dhéantar ar an bpolasaí. Iarrtar orthu an dialann obair bhaile a shíniú gach oíche, chomh maith le haon chártaí iompair a fhaigheann an páiste agus tacú leis na páistí cloí lena rialacha maidir le poncúlacht, éide scoile, lóin sláintiúil, obairbhaile srl. Beifear ag súil le tuiscint agus tacaíocht ó na tuismitheoirí i gcur i bhfeidhm an chóid. Cabhraíonn dearcadh agus tacaíocht tuismitheoirí i leith na scoile agus i leith na múinteoirí go mór le hiompar na bpáistí.

Má bhíonn cúis inní le léiriú ag tuismitheoir faoi aon eachtra/iompair ní fólaír don tuismitheoir an teolas a thabhairt chuig an múinteoir ranga sa chéad dul síos agus má ghá ansin don Phríomhoide.

Páistí

Tá ról ag na páistí cloí le rialacha na scoile agus ligint do gach páiste saol sona a chaitheamh sa scoil. Tá ról faoi leith ag páistí sna hardranganna dea-shampla a thaispeáint do pháistí óga na scoile. Le páistí mar chroílár saol iomláin na scoile, tá freagracht orainn ar fad a chinntiú go mbíonn páistí sábháilte agus chomh fada agus is féidir linn, sona, ar scoil. Beifear ag súil le tuiscint agus tacaíocht ó na daltaí i gcur i bhfeidhm an chóid. Tá ról faoi leith ag Coiste na bPáistí le tacaíocht a thabhairt do pháistí eile cloí leis na rialacha.

6. Rialacha Scoile:

Tá na Rialacha scoile bunaithe ar na Caighdeáin Iompair atá leagtha síos.

1. Gaeilge a úsáid i gcónaí anseo

Is é seo bun riail na scoile,
Gaeilge a úsáid sa seomra,
sa chlós agus
nuair a bhailimid le chéile.

Chun an Ghaeilge a chur ar aghaidh sa scoil, usáidfidh foireann na scoile raon tactaicí msh.:

- an tumoideachas
- ceachtanna éifeachtach a dhéanamh chun an teanga a mhúineadh agus an foclóir a leathnú
- mealladh agus moladh i gcónaí
- duaiseanna a bhronnadh ar pháistí a dhéanann Gaeilge mhaith a úsáid
- cairt nó corás ranga a choiméad ar úsáid na Gaeilge agus duais/plaic srl a bhronnadh
- An Ghaeilge sa scoil a cheiliúradh (.i. Grianghraf a fhoilsiú de Ghaeilgeoirí is fearr gach mí, Teastas Gaeilgeoir na Seachtaine a bhronnadh gach seachtain agus Trofaí Gaeilgeoir an Lae a bhronnadh sna ranganna Naíonáin gach lá)
- cabhrú le páistí atá deacrachtaí acu dul i dtaithí ar Ghaeilge a úsáid
- an saol scoile a bhunú timpeall ar rudaí Ghaelach (ábhar cultúrtha, ceol, spórt, ealaín...)

Cuirtear ag leibhéal rang a haon, riail na Gaeilge i bhfeidhm sa scoil. Éilítear ar pháistí Naí Mhóra tar éis seachtain na Gaeilge ar aghaidh Gaeilge amháin a úsáid. Tá Céimeanna Riail na Gaeilge leagtha síos sa Pholasáí Ghaeilge (2018/19)

2. Meas a thaispeáint :

Ó thaobh iompair de, is é a bheith measúil ar a chéile an bunchloch dena hidircaidrimh ar fad a bhíonn eadrainn agus tá an léiriú measa ceangailte go láidir le héiteas Chríostaí na scoile. Cruthaíonn an meas timpeallacht dhearfach.

Bíonn ar pháistí meas a thaispeáint dóibh féin, do dhaltaí eile agus a gcuid foghlama. Iarrtar orthu a ndícheall féin a dhéanamh dul i mbun foghlama agus páirt iomláin a ghlacadh sna ceachtanna agus i ngníomhaíochtaí scoile.

Bíonn orthu meas a bheith acu ar na múinteoirí agus ar fhoireann na scoile.

Bíonn orthu treoireacha an mhúinteora/ foireann na scoile a leanúint.

Bíonn orthu meas a bheith acu ar pháistí atá difriúil leo agus a bheith dea-bhéasach agus cuirtéiseach le foireann na scoile, daltaí eile, cuairteoirí a thagann ag an scoil agus le daoine eile a bhuaileann

siad leo agus iad ag ócáid scoile taobh amuigh den scoil (.i. Cluiche spóirt, turas scoile, imeacht eagraithe ag Coiste na dTuistí).

Bíonn ar na páistí meas a thaispeáint do fhearas na scoile agus do ghiúrléidí gur le páistí eile. Iarrfar ar pháistí a bheith cineálta agus cothrom le gach duine timpeall orthu agus a bheith toilteanach cuidiú le daoine timpeall orthu. Má tharlaíonn sé go mbíonn titim amach nó coimhlint ann, spreagfar, ag baint úsáide as an gcur chuige aisiríocha, gach duine, meas a thaispeáint agus bheith réidh agus oscailte teacht ar bhealaí urramacha chun aon choimhlintí a réiteach, agus ansin a bheith réidh maithiúnas a lorg agus thabhairt.

3. Ciúnas/ iompair ordúil a choinneáil ag amannta cuí:

Bíonn ar na páistí a bheith sochair agus iompair ordúil a léiriú nuair a lorgáítear sin sa scoil (.i. sa seomra ranga, ag halla na gcotaí, sna leithris, sna líntí, sa tionóil). Tá sé riachtanach go mbeidh gach duine in ann foghlaim gan cur isteach agus go mbeidh gach duine in ann mothú slán agus sábháilte ar scoil.

4. Sa Chlós

Tá rialacha faoi leith a bhaineann leis an iompar sa chlós.

Siúlann na páistí go dtí agus ón gclós go hordúil (gan rith) agus déanann siad líne láithreach nuair a bhuaitear an cloigín.

Ní bhíonn cead acu an clós a fhágáil gan chead a fháil ar dtús (.i. Lorgaíonn siad cead dul ag an leithreas nó cota a bhailiú).

Imríonn siad go hordúil lean chéile agus cloíonn siad le treoireacha tugtha faoi imirt ar an bhféar/ fhearas spóirt a úsáid i gceart/ glanadh suas.

Níl cead acu bheith garbh lena chéile agus spreagfar na páistí, ag baint úsáide as an gCur Chuie Aisiríocha, leithscéal a ghabháil nuair a tharlaíonn timpist, cabhrú nuair a bhíonn duine gortaithe agus meas a thaispeáint ar a chéile i rith cluichí.

Do pháistí nach gclóíonn le rialacha sa chlós d'fhéadfaí go gcuirfear ag seasamh amach iad ag an mballa ar feadh 5/10/15 nóiméid nó go dtí an seomra foirne/ Príomhoide iad.

5. Rialacha eile

Tá rialacha leagtha síos agus mínithe i bpolasaithe eile maidir le éide scoile, obairbhaile, poncúlacht, iompar bulaíochta agus úsáid fóin/taibleidí de.

Bíonn ar pháistí meas a bheith acu ar na rialacha sin agus cloí leo.

Ní ghlactar sa scoil le haon iompar a chuireann isteach ar theagasc agus ar fhoghlaim nó a ghortaíonn daoine eile, nó aon iompair atá bagarthach nó a dhéanann damáiste nó goid. Ní cheadaítear droch theanga a úsáid nó ainmneacha maslacha a ghlaoch ar pháiste eile.

7. Rialacha Ranga:

Tá na rialacha ranga bunaithe ar na Caighdeáin Scoile agus na Rialacha Scoile. Mar sin, beidh “an Ghaeilge” agus an “meas” mar bhunclocha de rialacha an tseomra ranga. Beidh an cur chuige aisiríocha lárnach sa chúig a phléimid rialacha an tseomra ranga agus sa chaoi a chaithimid lena chéile sa rang.

Pléifear tábhacht na Gaeilge sa rang ag tús na scoilbliana agus go minic i rith na scoilbliana le gach rang. Spreagfar na Naíonáin Gaeilge a úsáid timpeall na scoile ón gcéad lá ar scoil. Beimid ag súil le Gaeilge amháin (.i. gan aon Bhéarla) óna páistí sna Naíonáin Mhóra tar éis Seachtain na Gaeilge agus tiocfaidh Riail na Gaeilge i bhfeidhm ag Rang 1. Féach an Polasaí ar Riail na Gaeilge.

Pléifear an focal “Meas” ag tús na bliana leis an rang agus as an gcómhrá tiocfaidh na rialacha ranga. .i. Chun meas a thaispeáint sa seomra seo-

- Cóimeádfaimid ár mboird agus ár seomra neata.
- Éisteóimid lena chéile.
- Éisteóimid leis an múinteoir agus leanaimid treoireacha an mhúinteora.
- Má bhíonn titim amach beimid in ann é a réiteach le chéile.

Beidh an teanga aisiríocha lárnach sa chaint seo, sa chur chuige a bhíonn sna seomraí ranga agus sna rialacha iad féin. Tabharfaidh an curchuige seo úinéireacht dona páistí ar na rialacha ranga.

Nósanna eile sa seomra ranga

Tá roinnt nósanna againn a chuirfear i bhfeidhm i ngach seomra ranga.

- Crochann na páistí cótaí ina airde taobh amuigh den seomra.
- Nuair a fhágann páistí á suíocháin, cuireann siad an cathaoir isteach agus suas ag deireadh an lae.
- Siúlann na páistí isteach agus amach ón rang agus timpeall na scoile go dtí an clós i gcónaí (Ní bhíonn aon rith ann).
- Bíonn lóin sláintiúil ag páistí sa rang agus molaimid sin.
- Tógann páistí a mbruscar féin abhaile leo ach sa chás nach féidir cuireann siad sa bhosca bruscar cuí é.

Cuirfear na rialacha i bhfeidhm ag tagairt don Chóras Moladh, don Chur Chuige Aisiríocha agus don Chóras Smachtbhanna mar atá mínithe sa pholasaí seo.

8. Córas Moladh:

Cuireann an scoil agus na múinteoirí béim ar atmaisféar dearfach a chothú sa scoil. Chun béim a chur ar an dea-iompar tá na rudaí seo a leanas ar siúl sa scoil chun aitheantas a thabhairt do dheaiompar:

- Teastas Dalta na Seachtaine: Don iarracht is fearr ar scoil i rith na seachtaine.
- Duaiseanna agus Teastas don Ghaeilge: Don iarracht is fearr sa Ghaeilge i rith na seachtaine/na míosa.
- Moladh agus spreagadh ó bhéal/ ó scríobh ón Múinteoir/ bPríomhoide
- Jabanna agus freagrachtaí tugtha do pháistí mar dhuais
- Pribhléidí tugtha do pháistí (.i. suíochán deas, áit chun tosaigh ag ócáidí)
- Pasanna Obairbhaile
- Teastais molta
- Nótaí moladh go tuistí
- Greamóga molta
- Duaiseanna beaga

Feidhmníonn an nósanna imeachta seo sa scoil mar straitéisí coiscithe don drochiompair, chomh maith le féinmhúinín na bpáistí a spreagadh agus a fhorbairt.

Rudaí eile atá i bhfeidhm chun comhoibriú, talúin na bpáistí agus dea-iompar a spreagadh:

- Cultúr láidir ionchuimsitheach tríd na scoile
- Coiste na bPáistí (ó 2017/18)
- Spóirt: Foirne Peile, Iománaíochta agus Camógaíochta, Lúthchleasaíochta
- Gníomhaíochtaí eagraithe ag am spraoi sa chlós agus Cluichí chlóis múinte dona páistí

- Seomra Ciúin

9. Curchuige Aisiríocha:


Chun deileáil le ceisteanna smachta, glacfaidh an scoil cur chuige aisiríocha. An aidhm atá ag pobal na scoile ag deileáil le hargóintí, easaontais agus troideanna ná an gaol idir daltaí, baill foirne agus tuistí a athbhunú. Beidh curchuige “gan milleán” againn ag iarraidh comhbhá a fhorbairt i measc na foirne agus i measc na bpáistí tríd:


- ❖ am ciorcail
- ❖ teanga mothúcháinach a úsáid
- ❖ Na ceisteanna seo a leanas a úsáid chun deileáil le heachtraí sa rang nó sa chlós

1. Cad a tharla?
2. Cad faoi a bhí tú ag smaoineamh ag an am?
3. Cad iad na smaointí a bhí agat ó shin?
4. Cé eile atá curtha amach de bharr seo?
5. Cad atá de dhíth anois chun rudaí a chur i gceart arís?

Aithnítear nach noireann an curchuige seo do gach eachtra nó gach duine indibhidiúil. Má shíltear nach noireann an curchuige thuas nó nach bhfuil ag éirí leis an gcur chuige seo cuirfean an cuid eile den chód iompair seo thíos i bhfeidhm.

Beidh baill den fhoireann scoile ag fáil traenáil ar an gCur Chuige seo i rith 2019-2020 agus táimid ag súil leis an gcurchuige a fhorbairt sa scoil de réir a chéile.





10. Córas Smachtbhanna:

I gcásanna nach noireann an gcurchuige thuas dóibh nó nuair nach bhfuil ag éirí leis an gcurchuige nó uaireannta taobh leis an gcurchuige thuas, caithfear smachtbhannaí a bheith ann a chuirfear i bhfeidhm go cothrom, go cóir agus go leanúnach. Má tá smachtbhanna le cur i bhfeidhm cuirtear an scoláire ar an eolas faoi chúis an smachtbhanna agus tugtar deis dó/di freagra a thabhairt. Bíonn an teanga agus an gcurchuige aisiríocha fós lárnach sa phróiseas seo.

Tá na smachtbhannaí céimnithe seo ag rith go caighdeánach tríd na scoile. Tá 7 gcéim ann. Ag céim 3 tugtar Cárta Bán do pháiste, ag céim 5 tugtar Cárta Buí agus ag céim 6 tugtar Cárta Dearg. Nuair a thugtar cárta is slí é le tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin iompair agus iarrtar orthu an cárta a shíniú agus a chur ar ais ar scoil an lá dár gcionn. Coimeádfaidh an scoil taifead ar na cártaí. Tá míniú ar gcóras na gCártaí thíos.

| Céim | Sa rang / Sa chlós |
|------|---|
| 1 | Ceartú agus Réasúnú leis an dalta |
| 2 | Páiste a chur go Bord ciúin sa seomra más chúí nóam amach sa chlós |
| 3 | Cárta Bán a thabhairt don pháiste a bheidh le síniú sa bhaile ** Ní bhíonn córas na gcártaí i gceist sna ranganna Naíonáin ach déanfar drochiomair a thairfead. |
| 4 | Má leanann an dalta ag fáil cártaí, féadfaidh an scoil Plean Iompraíochta a chuir i bhfeidhm chun páistí a spreagadh chun díriú ar iompraíochtaí dearfacha (agus ar an gcaoi sin na Cártaí Bána a scriosadh). |
| 5 | Má fhaigheann páiste Cárta Buí, ba chóir do na tuismitheoirí agus don mhúinteoir ranga bualadh le chéile agus teacht ar chomhaontú maidir |

| | |
|---|---|
| | le bealach chun dul i ngleic leis an iompar, (an Plean Iompair a thosú nó a mhodhnú mar shampla). |
| 6 | Cárta Dearg -Ciallaíonn Cárta Dearg go bhfuil an páiste curtha ar fionraí/ le cailliúnt amach ar Thuras deireadh na Bliana. |
| 7 | Díbirt ón scoil |

I gcás mór eachtraí rachaidh an múinteoir ranga i dteagmháil leis an bPríomhoide láithreach agus/nó tuismitheoirí nuair is gá.

Míniú ar na Na Cártaí Bána, Buí agus Dearga

Glantar na céimeanna ag deireadh an lae agus tosaíonn gach scoláire as an nua gach maidin.

Cárta Bán. (Ag céim 3)

Chun Cárta Bán a fháil caithfidh páiste trí chéim a fháil i rith an lae .i. múinteoir ag ceartú iompar an pháiste trí huair.

Nó Freisin is féidir Cárta Bán a fháil láithreach le haghaidh:

- Iompar mí ordúil halla na gcótaí/ sa leithreas/ ag an tionóil/ sna lintí
- Ainmneacha a ghlaoch ar pháiste eile.
- Sárú rialacha an chlóis
- Easpa aird ar threoiracha an mhúinteora

Cárta Buí

- 6 Chárta Bána sa bhliain
- Drochmheas ar mhúinteoir a léiriú
- Drochtheanga a úsáid
- Foréigean/ Buille
- Briseadh Riail fóin/ípad na scoile
- Iompar Bulaíochta tar éis gealltanas iompraíochta a bhriseadh
- Damáiste/ Gadaíocht (nach timpist é):
 - a. don scoil.
 - b. fearas scoile .
 - c. aon rud a bhaineann le páiste eile.

I measc na nósanna eile a mbainfear úsáid astu nuair is gá, áirítear iad seo a leanas:

- An dalta a cheartú chomh maith le comhairle a thabhairt faoi bhealach feabhsaithe
- An dalta a chur chuig an bPríomhoide / Leas Príomhoide ar a bhfuil cúram cúrsaí smachta
- Obair bhaile scríofa bhreise a thabhairt
- Seans go niarrfar ar pháiste obair nach bhfuil sásúil a athdhéanamh
- Seans go niarrfar ar pháiste suíochán sa seomra ranga a mhalartú/ a bhogadh
- Seans go niarrfar ar pháiste an rang-ghrúpa a fhágáil agus dul faoi stiúr múinteoir eile
- Teagmháil le tuismitheoirí (glaoch fóin/ litir abhaile/ cruinniú a lorg)
- Coigistiú fóin phóca (féach Polasaí na bhFón Póca)
- Pribhléidí a bhaint (m.sh. Am Órga?)
- Cásanna eisceachtúla a chur faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta

11. Fionraí (Cárta Dearg):

Ciallaíonn Cárta Dearg go bhfuil an páiste curtha ar fionraí/ le cailliúnt amach ar Thuras deireadh na Bliana. Tugtar Cárta Dearg má bhíonn:

1. Tionchar dochrach tromchúiseach ag iompar an mhic léinn ar oideachas na mac léinn eile nó
2. Bagairt ann do shábháilteacht agus an mic léinn ag fanacht sa scoil I láthair na huaire nó
3. An mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.

Bíonn Cárta Dearg ann don iompar seo:

- 3 Chárta Buí sa bhliain.
- Ciníochas
- Bagairt/ foréigeann tromchúiseach le scoláire eile nó múinteoir.
- Drochtheanga a úsáid le múinteoir
- Leanúint le hiompar Bulaíochta (tar éis Cárta Buí faoin iompar bulaíochta a fháil)
- Tabac/Alcól/Drugaí ar scoil.
- Má fhágann scoláire an scoil gan cead.
- Damáiste tromchúiseach a dhéanamh don scoil, ghuirleídí an fhoireann scoile nó ghuirleídí scoláirí eile.

Fionraí: Is gá do scoileanna, faoi Alt 23 (2) den Acht Oideachais (Leas), 2000 a shonrú ina gcód iompair, na nósanna imeachta le leanúint má chuirtear mac léinn ar fionraí nó má dhíbrítear an mac léinn ón scoil.

Cuirfear páiste ar fhionraí má bhíonn:

- Tionchar dochrach tromchúiseach ag iompar an mhic léinn ar oideachas na mac léinn eile.
- Bagairt ann do shábháilteacht agus an mic léinn ag fanacht sa scoil I láthair na huaire.
- An mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.

Sula gcuirtear páiste ar fionraí tógfar san áireamh:

- Cinéal & tromchúis an iompair
- Comhthéacs an iompair
- Tionchar an iompair
- Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo
- An é an rogha is feiliúnaí don mhac léinn é a chur ar fionraí nó nach é.
- Tionchar féideartha na fionraí de ghnáth, déanfar iarracht tabhairt faoi idirghabháil eile roimh fhionraí agus míneoidh foireann na scoile na fáthanna nach raibh ag éirí leis an idirghabháil sin.

Má chuirtear páiste ar fionraí leanfaidh an scoil na céimeanna seo a leanas:

- Déanfaidh an Scoil a ndícheall cothrom na féinne a thabhairt chuig gach ball sa phróiseas seo.
- Beidh na céimeanna seo sa phróiseas:
 - Déanfar fiosrúchán neamhchlaonta chun na sonraí a bhailiú.
 - Cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas i bhfoirm scríbhinn, go pearsanta nó le glaoch faoin eachtra.
 - Beidh deis ag na tuismitheoirí an fionraí a phlé leis an bPríomhoide. (Ach amháin i gcásanna fionraí láithreach)
- Má sheasann an fionraí tabharfaidh an Príomhoide fógra na fionraí i scríbhinn chuig tuismitheoirí an Mhic Léinn.
- Sa litir beidh na rudaí seo a leanas:
 - Tréimhse na fionraí
 - Fáthanna na fionraí

- Clár Staidéir ar bith le leanúint
 - Socruithe ar fhilleadh ar scoil, agus gealltanais ar bith a gcaithfidh an mac léinn agus na tuismitheoirí a thabhairt.
 - Foráil achomhairc don Bhord Bainistíochta, don CG más iomchuí, ceart achomhairc d' Ard Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.
 - Nó le cásanna níos lú ná trí lá má bhíonn achomharc i gceist caithfidh an scoláire an fionraí a dhéanamh. Má faightear i bhfabhar an scoláire beidh an fionraí glanta ó thaifid an scoláire.
- Is féidir páiste a chur ar fionraí ar feadh suas le trí lá scoile an chéad uair agus suas le deich lá scoile ina dhiaidh sin.

12. Díbirt:

Díbrítear mac léinn ón scoil nuair a dhéanann Bord Bainistíochta cinneadh an mac léinn sin a eisiáimh go buan ón scoil, tar éis don Bhord forálacha alt 24 den Acht Oideachais (Leas), 2000 a chomhlíonadh.

Is ag an mBord Bainistíochta amháin atá an tÚdarás páiste a dhíbirt ón scoil. Is céim olltromchúiseach é díbirt agus ceann a chaithfidh an Bord Bainistíochta a ghlacadh i gcásanna tromchúiseacha iompair.

Na Forais le h-aghaidh Díbeartha:

- Ba chóir don scoil gach iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil próisis soiléire in áit le díbirt a sheachaint, lena n-áirítear, de réir mar is cúí:
 - Cruinniú le tuismitheoirí agus leis an mac léinn le hiarrachtaí a éascú le hiompar doghlactha an pháiste a fheabhsú.
 - A chinntiú go dtuigeann an mac léinn céard a tharlóidh má leanann a (h)iompar ar aghaidh.
 - A chinntiú go bhfuil iarracht déanta gach rogha eile a chíoradh
 - Comhairle a lorg ó na háisíneachtaí seo a leanas: (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, TUSLA, An tSeirbhís Náisiúnta Um Thacaíocht Iompair, Seirbhísí Meabhairghalair Leanáí agus Ógánach, An Chomhairle Náisiúnta Um Oideachais Speisialta

Ba cheart mac léinn a dhíbirt sna cúinsí seo a leanas, m.sh:

- Go mbíonn tionchar tromchúiseach díobhálach ag iompar an mhic léinn ar oideachas na mac léinn eile.
- Go bhfuil fíorbhagairt shuntasach ann do shláinte agus do shábháilteacht na mac léinn nó na ndaoine eile fad is a bhíonn an mac léinn sa scoil.
- Go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin nó as ábhar a ghoid arís agus arís eile.

Is ionann na cúiseanna le haghaidh díbeartha agus na cúiseanna le haghaidh fionraí. An difríocht is mó atá eatarthu ná go bhfuil na húdaráis scoile tar éis triail a bhaint as raon idirghabhálacha, agus go bhfuil siad den tuairim go bhfuil na féidearthachtaí go léir cíortha acu le athrú ar iompar an mhic léinn a bhaint amach.

Díbirt láithreach: Tá an t-údarás ag an mBord Bainistíochta páiste a dhíbirt ón scoil láithreach i gcásanna eisceachtúla m.sh na cásanna seo leanas:

- Bagairt thromchúiseach foréigin in aghaidh mic léinn eile nó baill fóirne
- Foréigean nó ionsaí iarbhír
- Ag soláthar drugaí do dhaltaí eile sa scoil.

- Ionsaí gnéasach.

Cur i bhfeidhm agus foilsíú

Cuireadh an leagan den pholasaí seo i bhfeidhm i 2019 agus rinneadh athbhreithniú air go rialta - ba é 2026 an t-athbhreithniú is déanaí.

Athbhreiniú

Déanfar athbhreiniú ar an bpolasaí de reir sceideal athbhreinithe an bhoird bainistíochta.



---Behaviour Code---

INDEX

- 1. Introduction**
- 2. Aims**
- 3. Principles**
- 4. The Standards of Behaviour**
- 5. Roles**
- 6. School Rules**
- 7. Classroom Rules**
- 8. Praise System**
- 9. Restorative Approach**
- 10. Sanctions System**
- 11. Suspension**
- 12. Expulsion**

1. Introduction:

This policy was originally drafted when the school was founded in 2006 and was revised during 2018 and 2019, following consultation with teachers, parents, students and the Board of Management and again during 2025/2026. It is based on the recommendations set out by the National Educational Welfare Board in relation to section 23 of the Education (Welfare) Act 2000.

We want to implement a behaviour policy that will allow us the opportunity to spend a safe and happy life during our period in Gaelscoil na Lochanna.

The aim of the policy is to develop self-esteem in every child by encouraging good behaviour. The code recognises the right of every child to be educated in an environment that is relatively free from prohibitive behaviour. The teachers focus more on praise than on disciplinary actions because they believe that this approach will ultimately achieve the best results.

The Code of Behaviour will be taught to the class students.

The same rules stand for every child in the school. For children with special educational needs the same rules will apply. The teacher or specialists will check that the rules are expressed and explained in a way that students with special educational needs can understand them.

The policy should be read and understood alongside other policies in the school:

- Challenging Behaviour Policy ASD
- Child Protection Policy
- Riail na Gaeilge
- Anti-Bullying Policy
- Safety Policy
- Admissions Policy
- School Attendance Strategy
- School uniform Policy
- Punctuality Policy
- Homework Policy
- Communications Policy

2. Aims:

The school wishes to achieve the following aims: That

- The school is allowed to function in an orderly, calm way in which there is a positive friendly atmosphere
- An atmosphere that creates respect and kindness to other people, young and old and where the restorative approach is central to solving conflicts
- Positive behaviour and self-discipline are encouraged among the children so that social, physical, academic and religious differences can be recognised
